POBALnuacht

Nuacht agus Scéalta

Eagrán 1

pobal
Eagras Abhcóideachta Phobal na Gaeilge

Cén rud é 9-10-11?

An Lá Gaeilge is Mó sa Bhliain!
Bígí linn le hAcht na Gaeilge a chur i lár an Aonaigh

9-10-11! Is é sin, Dé Domhnaigh 9 Deireadh Fómhair, óna 1 – 5, beidh pobal na Gaeilge ó fud fad an oileáin ag ghlacadh seilbhe arís ar Aonach Naomh Seoirse i mBéal Feirste le díon na háite ársa seo a ardú le guthanna Gaeilge, agus iad ag éilimh cheart agus ag ceiliúradh beart. Beidh sé cúig bliana an deireadh seachtaine áirithe seo ó thug rialtas na Breataine gealltanas i gComhaontú Chill Rimhinn, Acht na Gaeilge a reachtú ó thuaidh, rud nach ndearnadh go fóill. I 2006 is 2007, le linn do dhá chomhairliúchán poiblí, tugadh le fios go raibh tromlach na bhfreagraí go hiomlán taobh thiar de reachtaíocht cheart-bhunaithe mar a mhol POBAL, eagras abhcóideachta na Gaeilge. Ar 9-10-11, beidh Gaeil ó gach cearn den tír ag teacht le chéile le hAcht na Gaeilge a chur ar ais arís i lár an aonaigh.

Agus tá sé leagtha amach ag POBAL, eagarthóirí an lae, tógáil ar rath dochreidte ócáid na mbliana roimhe seo. Arís eile, beidh an lá Gaeilge is mó sa bhliain ann, le ceardlanna agus imeachtaí de gach saghas. Beidh tuilleadh eolais le teacht! Coinnígí súil amach!

Mar sin, ná déanaigí dearmad! 9-10-11! Dé Domhnaigh 9 Deireadh Fómhair in Aonach Naomh Seoirse, beidh an lá Gaeilge is mó sa bhliain ann, agus fáilte roimh gach duine!

What is 9-10-11?

The Biggest Irish Language Day of the Year!
Be with us to call for the Irish Language Act!

9-10-11! That is, Sunday, 9 October 2011 from 1 to 5pm, the Irish speaking community from across the island will once more take over St. George's Market in Belfast to raise its historic roof with the voices of Irish speakers calling for our rights and celebrating our achievements. On the weekend of 9-10-11, it will be five years since the British government gave its commitment at St Andrews that it would enact the Irish Language Act, something that has not yet happened. In 2006 and 2007, during two government consultations, the overwhelming majority of respondents supported the rights-based model put forward by POBAL, the Irish language advocacy organisation. Irish speakers from all over the country will be coming together on 9-10-11 to put the pressing need for a Irish Language Act centre stage once more.

Organisers POBAL intend to build on the phenomenal success of previous events. On what will be once more the biggest Irish language day of the year, there will be workshops and events of every kind. More information will be coming, so keep an eye out!

So don't forget! 9-10-11! Sunday 9th October in St. George's Market, we will see this year's largest Irish language day, and everyone is welcome!

Nuacht / News

Cén rud é 9.10.11 ?
What is 9.10.11?

Tacaíonn POBAL le Gaeil Ard Mhaca
POBAL support Armagh Gaels

Comhdháil POBAL Acht na Gaeilge
POBAL Irish Language Act Conference

Gliogáil anseo le níos mó nuachta a fháil ar ár suíomh

Click here for more news on our website

pobal
Aonad 6
Teach Uí Chorráin
Ionad an Dá Spuaic
155 Sráid Northumberland
Béal Feirste
BT13 2JF.

Teil: +44 (0)28 90 438132
eolas@pobal.org
www.pobal.org

COMHDHÁIL POBAL ar ACHT na GAEILGE

Céadaoin 16ú Samhain, Gailearaí Fada, Stoirmhonadh

Caithfear Acht na Gaeilge ó thuaidh a bheith ceart-bunaithe, cuimsitheach agus láidir. Cé go bhfuil an pictiúr níos dearfaí anois ná mar a bhí le tamall anuas, is léir go bhfuil bealach go fóill le dul sula bhfaigheann muid reachtaíocht atá inchurtha leis an teanga a chosaint agus a chur chun cinn mar is ceart. Bíonn pobal na Gaeilge ag troid gach lá le haitheantas, cearta agus seirbhísí trí Ghaeilge a fháil. Tá forbairtí suntasacha de dhíth i ngach gné den saol.

Leis an phróiseas a bhogadh chun tosaigh, tá POBAL ag reáchtáil mór-ócáid lae, Dé Céadaoin 16 Samhain sa Ghailearaí Fada i Stoirmhonadh. Beidh an tAire Caral Ní Chuilín ag oscailt na hócáide, agus beidh ionchur ó pholaiteoirí, ón phobal agus ó shaineolaithe idirnáisiúnta dlí agus cearta teanga. Tá Acht láidir de dhíth, ach nach ionann sin is le rá go mbeidh ard-chostais le reachtaíocht Ghaeilge. Go deimhin, i mbunús cásanna, oideachas, mar shampla, agus seirbhísí eile poiblí curtha ar fáil i nGaeilge, is ar an tseirbhís oideachasúil nó eile atá an croíchaiteachas, agus níl sa Ghaeilge ach an teanga ina gcuirtear an cineál sin seirbhísí poiblí ar fáil. Má thugtar san áireamh, áfach, neamart stairiúil na Gaeilge i mbunús gach foras i dTuaisceart na hÉireann, caithfear, in imeacht ama, an cumas a thógáil le seirbhísí Gaeilge a sholáthar. I gcásanna áirithe, éileoidh seo athruithe i mbeartais acmhainne daonna, mar fhostú Gaeilgeoirí agus oiliúint bhall láithreach foirne atá ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim. I gcásanna eile, iarrfaidh sé caiteachas ar chomharthaíocht, fhoirmeacha, srl. I mbunús cásanna, caiteachas aonuaire a bheidh i gcostas athruithe den chineál sin.

Ach is léir go bhfuil gá le reachtaíocht ceart-bunaithe. Chuir POBAL próiseas comhairliúcháin ar siúl le tuairimí phobal na Gaeilge a bhailiú agus le moltaí reachtaíochta a dhréachtú le comhairle ó shaineolaithe idirnáisiúnta. Léirigh an próiseas comhairliúcháin roghnachas an-dearfach i dtreo chur chuige ceartbhunaithe. Is dearcadh é seo atá anois níos láidre go fóill, mar gheall ar fhorbairtí atá déanta le dhá bhliain anuas ar Acht na Breatnaise sa Bhreatain Bheag. Tá dul chun cinn déanta ansin, agus iad ag bogadh i dtreo cur chuige atá cosúil leis an eiseamláir reachtaíochta atá molta ag POBAL le blianta beaga anuas. Ag an chomhdháil i mÍ na Samhna, beidh deis againn cuidiú le hAcht na Gaeilge a chur ar ais ar chlár an Tionóil agus Westminster.

POBAL CONFERENCE on THE IRISH LANGUAGE ACT

Wednesday 16th November, Long Gallery, Stormont

The Irish Language Act for the North must be rights-based, comprehensive and strong. Even though the picture is more positive now than it has been for some time, it is clear that there is still some way to go before we get legislation that will be capable of protecting and promoting the language properly. Irish speakers have to struggle every day for recognition, for rights and for services in Irish. We need significant improvement in every walk of life.

To move this process forward, POBAL is organising a major one day event on Wednesday 16th November in the Long Gallery at Stormont. Minister Caral Ní Chuilín will open the event, and there will be input from politicians, from the community and from international experts on language rights and the law. We need a strong Irish Language Act, but that does not necessarily mean high costs. Indeed, in most cases, for instance, education and other public services in Irish, the core costs are on the education service, or whatever service is being provided, and Irish is simply the language that the type of service is being provided through. But on the other hand, if you take into account the historic neglect of Irish in every institute in the North, it will be necessary over time to build capacity so that services can be provided. In some cases, this will require human resource measures, for instance, the employment of Irish speakers and training for current members of staff who want to learn Irish. In other cases, it will require spending on signage, or forms etc. In most cases, these kinds of change are one-off costs.

But obviously, rights-based legislation is what is needed. POBAL carried out a consultation to collect and draft proposals for the Act with help from international experts. The consultation showed a clear preference for a rights-based approach. This view is strengthened even more now because of the developments in the last couple of years in respect of legislation in Wales. There has been progress, and the Welsh have moved towards an approach that is similar to the legislative model POBAL has been proposing for several years. At the conference in November, we will have the chance to help put the Irish language Act back on the agenda at the Assembly and at Westminster.

Tacaíonn POBAL le Gaeil Ard Mhacha

POBAL Supports Armagh Irish Speakers

Gabhann POBAL, scátheagras abhcóideachta na Gaeilge, comhghairdeas le pobal na Gaeilge in Ard Mhacha as picéad a chur ar Chomhairle Ard Mhacha, Dé Luain 22 Lúnasa. Ar na mallaibh, d'ionsaigh roinnt comhairleoirí an teanga le linn díospóireachta ag cruinniú na Comhairle, agus bheartaigh daoine áitiúla gur chóir aird a dhíriú ar an dearcadh maslach agus ar an neamart leanúnach atá déanta ag an Chomhairle le blianta fada ar phobal na Gaeilge sa cheantair. Tráthnóna Dé Luain 22, bhí níos mó ná 200 duine i láthair ag agóid bhríomhar, dearfach, taitneamhach, agus iad tiomanta cothrom na Féinne a bhaint amach don teanga. Bhronn Janet Muller (POBAL) agus Seán Ó Maoilsté (Cairde Teo) litir ghearáin ar phríomhfheidhmeannach na Comhairle, John Briggs.

In Ard Mhacha, tá eolas ar an Ghaeilge ag níos mó ná 14% de phobal áitiúil an cheantair, tá grúpaí Gaeilge gníomhacha ar an talamh agus na céadta páistí ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge. Is déa-scéal é, forbairt na Gaeilge sa cheantar ach is beag an t-aitheantais a thugann an Chomhairle don teanga, fiú anois, deich mbliain i ndiaidh dhaingniú Chairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. Is fianaise é seo go bhfuil géar-ghá le reachtaíocht chuimsitheach, cheart-bunaithe Ghaeilge agus beidh POBAL ag obair ar an cheist seo sna míonna atá romhainn. San idirlinn, is mithid do Chomhairle Ard Mhacha, agus do Chomhairlí i gceantracha eile sa tuaisceart, gníomh diongbháilte a dhéanamh ar son phobal na Gaeilge. Thug lucht an phicéid deis iontach do Chomhairle Ard Mhaca é sin a dhéanamh agus beidh pobal na Gaeilge anois ag fáire.

Le fís agus grianghraif ón agóid a íoslódáil, gliogáil ar na deilbhíní ar dheis:

POBAL, the umbrella advocacy organisation for the Irish speaking community, has saluted Armagh Irish speakers for their good humour and determination in picketing Armagh Council buildings on Monday 22nd August. Recently, some councillors attacked the Irish language during a debate in the Council, and local people decided they wanted to focus attention on this insulting attitude as well as the ongoing neglect by the Council of the needs of the Irish speaking community in the area. On Monday afternoon, over 200 people attended a lively, positive and enjoyable picket to show their determination that Irish should be treated fairly. Janet Muller (POBAL) and Seán Ó Maoilsté (Cairde Teo) presented a letter of complaint to the Council's CEO, John Briggs.

In Armagh, over 14% of the population have knowledge of Irish; there are groups working on the ground and hundreds of children in Irish medium education. The development of the language in the area is a good news story, but the Council has given little recognition to the language, even now, ten years after the ratification of the European Charter for Regional or Minority Languages. This is proof of the urgent need for a comprehensive, rights-based Irish language Act and POBAL will be stepping up the pressure for this in coming months. In the meantime, it is time for Armagh District Council, as well as Councils in other areas, to take resolute action for the Irish speaking community. Those who attended the picket have presented a positive opportunity for Armagh District Council to do this and the Irish speaking community will now be watching what happens.

To download photos from the protest, click the icons on the right:

Nuacht eile

Ranganna Gaeilge ar fáil ar fud an tuaiscirt	Eolas anseo
Aistríonn Taispeántas POBAL **Súil Charad** go Leabharlann na Carraige Báine le pacáiste nua dírithe ar pháistí	Eolas anseo

Other news

Irish classes available throughout the north	More info here
POBAL's **Súil Charad** Exhibition moves to the Whiterock Road Library with a new package for children	More info here

Tá POBAL ina chuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Tag. carthanachta XT27908 POBAL is a company limited by guarantee. Charity Ref. XT27908

POBAL, Aonad 6,
Teach Uí Chorráin,
Ionad an Dá Spuaic,
155 Sráid Northumberland,
Béal Feirste, BT13 2JF

arts council of Northern Ireland
LOTTERY FUNDED
Foras na Gaeilge
Department for Social Development
www.dsdni.gov.uk